2019. M 88 2019L001B1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
| --- |
| |

| Stampa an Ionaid |
| --- |
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019***

# *Gaeilge*
# *Bonnleibhéal*

**Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga**

360 MARC

**Dé Luain**
**10 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
| --- | --- |
| CLUASTUISCINT | |
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
| --- | --- |
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-5) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

# CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuair Seán a chéad phost?







**Ceist 1 (b)** Cén rud is fearr le Seán faoin obair san ionad garraíodóireachta?

| | |
|---|---|
| Tá an pá go maith | |
| Bíonn sé amuigh faoin aer gach lá | |
| Bíonn sé gnóthach gach lá | |

**Ceist 2 (a)** Cá bhfuil Deirdre ag obair?








**Ceist 2 (b)** Cathain a chuaigh Deirdre go dtí an Iodáil ag sciáil?

| | |
|---|---|
| An deireadh seachtaine seo caite | |
| I mí na Bealtaine | |
| Tar éis na Nollag | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?











**Ceist 4** Cá bhfuil an siopa troscáin? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)



**Tá an bhean anseo**

**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir oíche Dé Sathairn?










**Ceist 5 (b)** Cad a bheidh ar oscailt maidin Dé Domhnaigh?

| | |
|---|---|
| Na haerfoirt | |
| Gach stáisiún traenach | |
| Gach stáisiún bus | |

**Ceist 6 (a)** Cén mhí a raibh Eilís ag tabhairt aire dá deirfiúr óg?

| | |
|---|---|
| Mí an Mheithimh | |
| Mí Iúil | |
| Mí Lúnasa | |

**Ceist 6 (b)** Cén áit i mBaile Átha Cliath a raibh an cheolchoirm ar siúl?

| | |
|---|---|
| I nDún Droma | |
| I bPáirc Mharlaí | |
| I Mullach Íde | |

**Ceist 7 (a)** Cá mbeidh Nóra ag dul tráthnóna amárach?

| | |
|---|---|
| Chuig bainis | |
| Ag siopadóireacht | |
| Chuig scannán | |

**Ceist 7 (b)** Cén rud nach bhfuil ag Nóra?

| | |
|---|---|
| Ríomhaire glúine | |
| Cód poist | |
| Cárta creidmheasa | |

**Ceist 8 (a)** Cad a bheidh ar siúl oíche Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Tráth na gCeist Boird | |
| Seó faisin | |
| Dráma | |

**Ceist 8 (b)** Cén táille a bheidh le híoc ag gach foireann?

| | |
|---|---|
| €2 | |
| €5 | |
| €20 | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

## CUID II:  ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | Uimhir | Litir |
|---|---|---|
| 1. **Ceachtanna tiomána ar fáil**<br>€40 an ceacht<br>Glaoigh ar 086 261873 | 1 | |
| 2. **Spórtlann an Bhaile**<br>Ranganna aclaíochta<br>Gach Máirt: 8 p.m. - 9 p.m. | 2 | |
| 3. ***An tIonad Athchúrsála***<br>Úsáid na boscaí cearta | 3 | |
| 4. **An Luas**<br>Amchlár speisialta<br>do thréimhse na Nollag | 4 | |
| 5. **Rialacha na Scoile**<br>Coimeád an fón póca<br>sa taisceadán | 5 | |
| 6. **Ciorcal Comhrá**<br>Cuir feabhas ar do chuid Gaeilge<br>Gach Aoine - 7.30 p.m. | 6 | |
| 7. **Maratón na cathrach ar siúl**<br>Bóthar dúnta | 7 | |
| 8. **Oíche Shamhna**<br>Comórtas bréigéide<br>Duaiseanna le buachan | 8 | |
| 9. **Siopa an bhláthadóra**<br>Bláthanna do gach ócáid | 9 | |
| 10. **Ionad fiaclóireachta**<br>Déan coinne ag an deasc fáilte | 10 | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

RTÉ Raidió na Gaeltachta,
Casla,
Co. na Gaillimhe.

4 Meitheamh 2019

Róisín Ní Ghallchóir,
Lios Póil,
Co. Chiarraí.

A Róisín, a chara,

Go raibh maith agat as dul faoi agallamh in oifigí RTÉ Raidió na Gaeltachta Déardaoin seo caite, 30 Bealtaine. Dúirt tú leis an bpainéal san agallamh gur duine oilte ceolmhar thú. Tá suim agat i ngach cineál ceoil, go háirithe sa cheol traidisiúnta. Bhuaigh tú an bonn óir i gcomórtas na fidle san Oireachtas anuraidh. Múineann tú an fheadóg stáin do pháistí bunscoile i Lios Póil. Seinneann tú an bosca ceoil le banna céilí.

Ba mhaith le RTÉ Raidió na Gaeltachta post a thairiscint duit mar láithreoir ar chlár ceoil nua don aos óg. Beidh tú ag obair le foireann an cheoil sa stáisiún. Ar dtús, beidh seachtain oiliúna agat leis an stiúrthóir ceoil sa stáisiún. Beidh teicneoir fuaime ag obair in éineacht leat sa stiúideo. Ní chraolfar an clár beo. Déanfar an clár a thaifeadadh sa stiúideo i mBaile na nGall gach Aoine. Craolfar an clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta gach Domhnach.

Tá súil againn go nglacfaidh tú leis an tairiscint seo. Iarrtar ort freagra a sheoladh chugainn roimh an 2 Iúil.

Is mise,
Áine Ní Ruairc,
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna**

**1.** Cén dáta a chuaigh Róisín faoi agallamh in oifigí RTÉ Raidió na Gaeltachta?

| | |
|---|---|
| 30 Bealtaine | |
| 4 Meitheamh | |
| 2 Iúil | |

**2.** Cad a mhúineann Róisín do pháistí bunscoile?

| | |
|---|---|
| An bosca ceoil | |
| An fhidil | |
| An fheadóg stáin | |

**3.** Cén post atá á thairiscint ag RTÉ Raidió na Gaeltachta do Róisín?

| | |
|---|---|
| Teicneoir fuaime | |
| Láithreoir | |
| Stiúrthóir ceoil | |

**4.** Cá bhfuil an stiúideo ina ndéanfar an clár a thaifeadadh?


| | |
|---|---|
| Baile na nGall | |
| Casla | |
| Lios Póil | |

**5.** Cén lá a chraolfar an clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta?

| | |
|---|---|
| Déardaoin | |
| Gach Aoine | |
| Gach Domhnach | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**Gaoth Dobhair**



An bhfuil saoire thaitneamhach i gceantar Gaeltachta ag teastáil uait? Má tá, is iomaí rogha atá agat, ina measc, Corca Dhuibhne i gCo. Chiarraí, Conamara i gCo. na Gaillimhe agus Gaoth Dobhair i gCo. Dhún na nGall.

Tá Gaoth Dobhair suite sa Ghaeltacht is faide ó thuaidh. Labhraíonn muintir na háite an Ghaeilge mar theanga bheo gach lá. Eagraíonn Gaelturas cúrsaí Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Freastalaíonn scoláirí dara leibhéal ar na cúrsaí Gaeilge sna coláistí samhraidh gach bliain.

Ní bheidh tú díomhaoin anseo i nGaoth Dobhair. Is féidir galf a imirt ar an ngalfchúrsa. Bíonn imeachtaí éagsúla ar siúl ar an uisce, ar na haibhneacha agus ar na lochanna ar fud an cheantair. Tá go leor siúlóidí breátha ann. Is féidir leis an dreapadóir an Earagail a dhreapadh. Tá an sliabh maorga sin 751 méadar ar airde.

Is féidir leat lá a chaitheamh i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Caith an lá ag spaisteoireacht nó ag rothaíocht timpeall na páirce. Tabhair cuairt ar an gcaisleán agus bain taitneamh as na gairdíní áille atá timpeall ar an gcaisleán. Foghlaim faoi stair na háite sna taispeántais in Ionad na gCuairteoirí atá suite sa pháirc náisiúnta.

Bíonn neart imeachtaí ar siúl sna hoícheanta. Bíonn scoth an bhia le fáil sna bialanna. Bíonn drámaí ar stáitse san amharclann áitiúil. Bíonn ceoltóirí traidisiúnta ag seinm ceoil sna tithe tábhairne gach oíche.

*Caith cúpla lá linn anseo. Tá saoire den scoth romhat sa cheantar seo.*

**Ceisteanna**

**1.** Cén contae ina bhfuil Gaeltacht Ghaoth Dobhair?

| | |
|---|---|
| Co. Chiarraí | |
| Co. Dhún na nGall | |
| Co. na Gaillimhe | |

**2.** Cén grúpa daoine a labhraíonn an Ghaeilge gach lá?

| | |
|---|---|
| Muintir na háite | |
| Foghlaimeoirí fásta | |
| Scoláirí dara leibhéal | |

**3.** Cad is féidir leis an dreapadóir a dhéanamh?

| | |
|---|---|
| An Earagail a dhreapadh | |
| Imeachtaí uisce | |
| Galf a imirt | |

**4.** Cá bhfuil na gairdíní áille?

| | |
|---|---|
| In Ionad na gCuairteoirí | |
| Sna taispeántais | |
| Timpeall ar an gcaisleán | |

**5.** Cá mbíonn drámaí ar stáitse?

| | |
|---|---|
| Sna bialanna | |
| San amharclann áitiúil | |
| Sna tithe tábhairne | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi.

(25 marc)

**Is olc an ghaoth …**

Dé Luain seo caite, bhrostaigh Orlaith abhaile ón scoil. Rinne sí an obair bhaile sa Bhéarla agus sa Bhitheolaíocht. D'ith sí a dinnéar agus bhrostaigh sí amach ag traenáil leis an gclub peile. Bhí sí tuirseach nuair a tháinig sí abhaile arís. Shocraigh sí dul a chodladh láithreach agus éirí go luath ar maidin chun an obair bhaile a chríochnú. D'éirigh sí ar a seacht a chlog maidin Dé Máirt agus rinne sí an obair bhaile sa Mhatamaitic.

Ar a ceathrú tar éis a hocht, bhuail a cara, Éabha, cnag ar an doras chun síob ar scoil a thabhairt di. Chuir Orlaith an obair bhaile isteach ina mála agus ar aghaidh leo ar scoil. Thosaigh na ranganna ar a naoi a chlog. Ar a dó dhéag a chlog, chonaic Orlaith nach raibh aon lón aici ina mála. Níos measa ná sin, ní raibh airgead aici chun a lón a cheannach. Fuair sí iasacht airgid ó rúnaí na scoile agus chuaigh sí go dtí an t-ollmhargadh ag am lóin.

Cheannaigh sí ceapaire blasta agus d'ith sí é. Chaith sí an pacáiste folamh sa bhosca bruscair ar an gcosán lasmuigh den ollmhargadh.

Ansin, chonaic sí seanfhear ag iompar málaí siopadóireachta go dtí a charr. Chabhraigh sí leis agus ghabh an seanfhear buíochas léi. Thug sé bronntanas beag di agus d'imigh sé leis sa charr. Baineadh geit as Orlaith nuair a chonaic sí gur nóta cúig euro a thug sé di. Bheadh sí ábalta an t-airgead a thabhairt ar ais do rúnaí na scoile.

Ach ansin, chonaic Orlaith bean ar thaobh na sráide ag bailiú airgid ar son daoine gan dídean. Thug sí an nóta cúig euro don bhean. 'Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin,' arsa Orlaith.



**Ceisteanna**

**1.** Cén obair bhaile a rinne Orlaith maidin Dé Máirt?

| | |
|---|---|
| Bitheolaíocht | |
| Matamaitic | |
| Béarla | |

**2.** Cén t-am a thosaigh na ranganna?

| | |
|---|---|
| 7 a.m. | |
| 8.15 a.m. | |
| 9 a.m. | |

**3.** Cad a fuair Orlaith ó rúnaí na scoile?

| | |
|---|---|
| Iasacht airgid | |
| Obair bhaile | |
| Lón | |

**4.** Cá raibh an bosca bruscair?

| | |
|---|---|
| Sa charr | |
| San ollmhargadh | |
| Ar an gcosán | |

**5.** Thug Orlaith an nóta cúig euro …

| | |
|---|---|
| Don bhean | |
| Don seanfhear | |
| Do rúnaí na scoile | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Jonathan Sexton - Imreoir Rugbaí na Bliana 2018**



Tá suim mhór ag muintir na hÉireann i gcúrsaí spóirt. Bíonn siad bródúil as na laochra ón tír seo a bhaineann cáil amach ar an stáitse domhanda, laochra ar nós Katie Taylor sa dornálaíocht, agus Paul agus Gary Ó Donnabháin sa rámhaíocht. Tá ardmheas ag a lán daoine ar an imreoir rugbaí, Jonathan Sexton.

Bhí Jonathan ar fhoireann rugbaí na scoile nuair a bhí sé ar an meánscoil. Sa bhliain 2006, thosaigh sé ag imirt le foireann Chúige Laighean mar leathchúlaí amuigh agus uimhir a deich ar a gheansaí. D'imir Jonathan ar fhoireann na hÉireann den chéad uair sa bhliain 2009. Tá sé ag imirt ar an bhfoireann idirnáisiúnta ó shin. Chaith sé dhá shéasúr ag imirt le Racing 92 i bPáras. D'fhill sé ar fhoireann Chúige Laighean sa bhliain 2015.

Mar leathchúlaí amuigh, tá scileanna iontacha aige. Tá sé tapa agus cliste. Ach is é an bua is mó atá aige ná a bheith ábalta scóráil le ciceanna pionóis. Tá sé ábalta an liathróid ubhchruthach a chiceáil go cruinn fiú nuair a bhíonn brú uafásach air.

Bliain speisialta do Jonathan Sexton ba ea an bhliain 2018. Bhí sé ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann nuair a bhuaigh siad Craobh na Sé Náisiún sa rugbaí i mí an Mhárta. Bhuaigh Cúige Laighean Corn na hEorpa den cheathrú huair i mí na Bealtaine. Bhí bua stairiúil ag Jonathan agus ag foireann na hÉireann ar fhoireann na Nua-Shéalainne i staid Aviva i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna. Bronnadh an gradam 'Imreoir Rugbaí na Bliana 2018' ar Jonathan as a ghaiscí rugbaí.

Ba bhreá le Jonathan Corn an Domhain sa rugbaí a bhuachan i mbliana le foireann na hÉireann. Beidh muintir uile na hÉireann ag tacú lena laoch spóirt, gan dabht.

**Ceisteanna**

**1.** Cén spórt a imríonn Jonathan Sexton?

| | |
|---|---|
| Rugbaí | |
| Dornálaíocht | |
| Rámhaíocht | |

**2.** Cathain a d'fhill Jonathan Sexton ar fhoireann Chúige Laighean?

| | |
|---|---|
| 2006 | |
| 2009 | |
| 2015 | |

**3.** Cad é an bua is mó atá ag Jonathan?

| | |
|---|---|
| Tá sé tapa | |
| Tá sé ábalta scóráil le ciceanna pionóis | |
| Tá sé cliste | |

**4.** Cén mhí a raibh an bua stairiúil ag foireann na hÉireann ar fhoireann na Nua-Shéalainne?

| | |
|---|---|
| Mí an Mhárta | |
| Mí na Bealtaine | |
| Mí na Samhna | |

**5.** Cad ba bhreá le Jonathan a bhuachan i mbliana?

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Ráth Chairn, Gaeltacht na Mí**

Tá Gaeltachtaí na hÉireann scaipthe ar fud na tíre. Tá Gaeltacht Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí agus Gaeltacht na Rinne i gContae Phort Láirge. Agus tá Gaeltacht Ráth Chairn i gceartlár Chontae na Mí.

Sa bhliain 1935, tháinig daoine ó Chonamara chun cónaithe i Ráth Chairn. Fuair Ráth Chairn stádas oifigiúil mar Ghaeltacht sa bhliain 1967.

Is sráidbhaile beag é Ráth Chairn. Tá a lán áiseanna sa cheantar. Tá siopaí, séipéal, bunscoil agus meánscoil ann. Imrítear cluichí iománaíochta agus peile ar pháirc imeartha Chumann Lúthchleas Gael ansin. Bíonn oícheanta ceoil ar siúl sa teach tábhairne. Cuirtear drámaí ar stáitse i halla an phobail. Tá leabharlann sa cheantar freisin.

Bíonn a lán imeachtaí éagsúla ar siúl i Ráth Chairn ó cheann ceann na bliana. Bíonn imeachtaí ar siúl ar Lá Fhéile Pádraig i mí an Mhárta. Bíonn Féile na Gealaí ar siúl i mí an Mheithimh agus Féile na Mí i mí na Samhna.

Is féile cheoil agus champála í Féile na Gealaí. Thosaigh an fhéile sa bhliain 2016. Deireadh seachtaine amháin a mhaireann an fhéile gach bliain. Tagann na sluaite daoine as gach contae go dtí an fhéile seo. Bíonn scoth an cheoil le cloisteáil. Bíonn daoine ag éisteacht leis an gceol agus ag damhsa amuigh faoin aer. Bíonn cúpla stáisiún raidió ag craoladh beo ón bhféile. Is féidir ticéad a cheannach don fhéile ar líne.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Gaeltacht Ráth Chairn suite?

| | |
|---|---|
| Contae Phort Láirge | |
| Contae na Mí | |
| Contae Chiarraí | |

**2.** Cad a tharla sa bhliain 1935?

___________________________________________________________________

**3.** Cá gcuirtear na drámaí ar stáitse?

| | |
|---|---|
| Sa leabharlann | |
| Sa teach tábhairne | |
| I halla an phobail | |

**4.** Cén mhí a mbíonn Féile na Gealaí ar siúl?

| | |
|---|---|
| Mí an Mhárta | |
| Mí an Mheithimh | |
| Mí na Samhna | |

**5.** Conas is féidir ticéad a cheannach don fhéile?

| | |
|---|---|
| Ar líne | |
| I Ráth Chairn | |
| Ar an raidió | |


**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

**An Crann**



Tá crann ard cnó capaill
Ina sheasamh go maorga
Sa pháirc ar chúl an ghairdín -
Tá nead ag préachán sna géaga arda
Is fréamhacha láidre faoi bhun an chrainn.

Bíonn bachlóga ag fás air san earrach
Agus, sa samhradh, duilleoga glasa.
Titeann na cnónna donna san fhómhar
Agus cuireann siad áthas is gliondar ar chách.
Ach is crann lom uaigneach sa gheimhreadh é
Agus déantar dearmad air.



Ní fios cá fhad atá sé ann -
Leathchéad bliain ar a laghad -
Bhí sé ann nuair a bhí mise óg
Agus beidh sé ann i mo dhiaidh.

**Ceisteanna**

**1.** Cad atá ina sheasamh sa pháirc ar chúl an ghairdín?

| | |
|---|---|
| Capall | |
| Préachán | |
| Crann | |

**2.** Cad atá faoi bhun an chrainn?

| | |
|---|---|
| Nead | |
| Fréamhacha | |
| Géaga | |

**3.** Cad a bhíonn ag fás ar an gcrann san earrach?

| | |
|---|---|
| Bachlóga | |
| Duilleoga glasa | |
| Cnónna donna | |

**4.** Cathain a thiteann na cnónna donna?

| | |
|---|---|
| Sa samhradh | |
| San fhómhar | |
| Sa gheimhreadh | |

**5.** Cá fhad atá an crann seo ann?

____________________________________________________

**Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II**

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)


Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.











| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cad a dhéanfar leis an airgead? |
|---|---|---|---|

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Bhí tú ag cluiche mór i bPáirc an Chrócaigh le déanaí. Scríobh **litir** chuig do dheartháir / do dheirfiúr i Londain ag insint dó / di:

- Faoin bpóstaer a chonaic tú (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 1
- Faoin turas go dtí an cluiche (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 2
- Faoin gcluiche (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhí an cluiche thart (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 4

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

**LITIR**


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú ag **Céilí Mór** i halla na scoile an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin gCéilí Mór sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Céilí Mór



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ar do bhealach chun na scoile le do chara.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Ag siúl ar scoil<br>Ag comhrá | Ar an gcosán<br>Timpiste | Gortaithe<br>An t-otharcharr | Cos bhriste<br>Na cuairteoirí |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán